




TUARASCÁIL BHLIANTÚIL [2020]



An Rialálaí
Carthanas

Charities
Regulator

Ár bhFís

Earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.



Ár Misean

An earnáil carthanas a rialáil chun leas an phobail d'fhonn comhlíonadh an dlí a chinntiú agus d'fhonn tacú leis an dea-chleachtas i rialachas, i mbainistíocht agus i riarachán carthanas.

“Bhí an phaindéim mar fhianaise eile ar a mhéid atá carthanas spleách ar iontaoibh agus muinín an phobail.”

- Patrick Hopkins, Cathaoirleach, agus Helen Martin, Príomhfheidhmeannach ar an Rialáil Carthanas

Clár Ábhar

Ár bhFís	2
Ár Misean	2
Ár bhFeidhmeanna	4
Ár Luachanna	5
Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfeidhmeannach	6
Buaicphointí 2020	8
Ár nOibríochtaí	10
An Cód Rialachais do Charthanais	11
Clárú Carthanais	12
Foirmeacha Dílíthiúla Carthanais	12
Cuspóirí Carthanúla.....	13
Tuairisciú Bliantúil ag Carthanais	13
Faisnéis Airgeadais faoi Charthanais in Éirinn	14
Iontaobhaithe Carthanais, Fostaithe Carthanais agus Oibríthe Deonacha a	
Oibríonn le Carthanais.....	15
Carthanais de réir Contae.....	16
Comhlíonadh agus Forfheidhmiú	17
Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas.....	17
Cumhachtaí Chuid 4 – Eagraíochtaí Carthanúla a Chosaint.....	18
Seirbhísí Carthanais agus Gnóthaí Díl	19
Taighde agus Treoir	20
Suirbhé Covid-19	20
Suirbhé an Rialálaí Carthanais ar Charthanais agus ar an bPobal	20
Foilseacháin	21
Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí	22
Ár Leas-Sealbhóirí.....	22
Imeachtaí le haghaidh Leas-Sealbhóirí.....	23
Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais 2020.....	24
Bealaí Cumarsáide	24
Rochtain ar Fhaisnéis	26
Iarrataí Saorála Faisnéise	26
Iarrataí Eile ar Fhaisnéis.....	26
Rialachas agus Bainistíocht an Rialálaí Carthanais	27
Struchtúr eagrúcháin.....	27
Rialachas Corparáideach	28
An Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais..	28
Soláthar	29
Bainistíocht Riosca	29
An tÚdarás Rialála Carthanais	30
Cruinnithe agus Comhaltais.....	31
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais	32
An Coiste Rialála.....	32
An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach	33
An Coiste Seirbhísí Carthanais	33
An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	34
Ráitis Airgeadais	36

Ár bhFeidhmeanna

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Carthanas ('an Rialálaí Carthanas') an 16 Deireadh Fómhair 2014 agus tá sé freagrach as eagraíochtaí carthanúla ('carthanais') a rialáil agus as sócmhainní carthanúla a chosaint. Tá roinnt feidhmeanna ginearálta againn faoin Acht Carthanas 2009 ('an tAcht'), is iad sin:



- Iontaobh agus muinín an phobail as bainistiú agus riaradh carthanas a mhéadú;
- Comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i rialú agus bainistiú carthanas;
- Úsáid éifeachtach maoiné carthanas a chur chun cinn;
- Cuntasacht carthanas do dheontóirí agus do thairbhíthe brontanas carthanúil, agus don phobal, a chinntiú;
- Tuiscint a chur chun cinn ar an gceanglas gur chun leas an phobail a bheidh aidhmeanna carthanúla;
- Clár de charthanais a bhunú agus a chothabháil;
- Comhlíonadh an Achta ag carthanais a chinntiú, agus faireachán a dhéanamh ar an gcéanna;
- Feabhas ar riaradh agus bainistiú carthanas a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlinnte, cód iompair agus doiciméad bunreachtúil eiseamláireach a eisiúint agus a cheadú, nuair a mheastar é sin a bheith cuí;
- Cibé gníomhaíochtaí a sheoladh nó cibé faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) a fhoilsiú a bhaineann le carthanais agus iontaobhais charthanúla, nuair a mheastar é sin a bheith cuí;
- Faisnéis (lena n-áirítear faisnéis staidrimh) nó comhairle a sholáthar don Aire, nó tograí a chur faoina bhráid nó faoina bráid, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna an Rialálaí Carthanas.

Ár Luachanna



Neamhspleáchas



Déanaimid cinntí go neamhspleách agus chun leas an phobail. Seasaimid lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí agus glacaimid freagracht astu.

Cothroime



Oibrímid go cothrom agus go neamhchlaon agus le hionracas. Cuirimid ár nósanna imeachta i bhfeidhm go comhsheasmhach agus tugaimid údar lenár ngníomhartha agus lenár gcinntí.

Caidreamh



Déanaimid cumarsáid lenár leas-sealbhóirí agus éistimid leo. Féachaimid le saincheisteanna rialála a chuireann imní orthu a réamh-mheas agus le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin. Glacaimid cur chuige comhoibríoch a mhéid is féidir.

Trédhearcacht



Oibrímid ar bhealach oscailte trédhearcach. Bíonn ár ngníomhartha agus ár gcinntí bunaithe ar fhianaise. Cuirimid faisnéis ábhartha ar fáil faoin dóigh a n-oibrímid agus faoin earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi.

Comhréireacht



Aithnímid an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc na n-eagraíochtaí a ndéanaimid rialáil orthu. Déanaimid rialáil ar bhealach comhréireach agus dírimid na hacmhainní atá ar fáil dúinn ar na réimsí ina bhfuil an tionchar is mó acu agus lena mbaineann an riosca is mó.

Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach



Patrick Hopkins
Cathaoirleach



Helen Martin
Príomhfheidhmeannach

I dtús na bliana 2020, bhí díriú soiléir againn ar dhul chun cinn a dhéanamh ar ár bpríomhthosaíochtaí i gcomhréir lenár Ráiteas Straitéise 2019 – 2021. Cosúil le gach eagraíocht eile, áfach, bhí orainn dul i ngleic faoi dheireadh mhí an Mhárta leis na dúshláin éagsúla a d’eascair as paindéim COVID-19. Ba é an t-údar inní ba láithrí a bhí againn ná sábháilteacht ár bhfoirne a áirithiú, á chinntiú ag an am céanna go bhféadfaimis oibriú go cianda chun an tacaíocht a bhí ag teastáil go géar uathu a thabhairt do charthanais chláraithe de réir mar a chuaigh an bhliain agus an phaindéim ar aghaidh.

Agus aitheantas á thabhairt againn do na brúnna móra a bhí ar charthanais, chinntíomar go mbeadh foireann ár n-ionaid teagmhála ar fáil fós chun cabhrú le carthanais agus chun iad a threorú chuig an treoir agus na tacaí a bhí ar fáil dóibh. Faoi dheireadh na bliana 2020, dhéileáil foireann an Rialálaí Carthanais le níos mó ná 18,000 teagmháil, a rinneadh trí ríomhphost, ar an teileafón agus ar an nGréasán. Tugadh aitheantas do dhíograis agus gairmiúlacht na foirne le linn taighde a rinneadh thar ceann an Rialálaí Carthanais go mall i mí na Nollag 2020 agus go luath sa bhliain 2021, ar lena linn a mhol carthanais eolas agus cúntacht ár bhfoirne agus luas agus cáilíocht ár bhfreagraí go mór nuair a iarradh orthu feidhmíocht an Rialálaí Carthanais a rátáil. Ba mhaith linn, dá bhrí sin, an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt do bhaill foirne an Rialálaí Carthanais agus buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a ndícheall i mbliain a bhí chomh dúshlánach sin.

Leanamar lenár bpleananna taighde sa bhliain 2020 trí choimisiúnú a dhéanamh ar na chéad suirbhéanna náisiúnta uainn riamh ar an bpobal agus ar charthanais faoi shaincheisteanna éagsúla atá ábhartha do rialáil carthanais in Éirinn sa lá atá inniu ann. Bainfear úsáid as an taighde sin chun ár gcuid oibre agus ár ndíriú straitéiseach a threorú sna blianta atá le teacht agus beidh sé ar an mbonn leis na réimsí taighde amach anseo a bheidh ábhartha don earráil.

Mar chuid dár bhfreagairt don phaindéim, d’fhéachamar freisin le haghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí praiticiúla a raibh iontaobhaithe carthanais ag déileáil leo agus iad ag iarraidh ráitis airgeadais a thabhairt chun críche sa bhliain tríd an spriocdháta reachtúil le haghaidh tuarascálacha bliantúla a chur isteach a fhadú faoi dhó sa bhliain 2020. Faoin spriocdháta deiridh an 16 Nollaig 2020, chuir 78% de charthanais a dtuarascáil bhliantúil isteach, rud a léirigh an tiomantas soiléir atá ag carthanais dá chinntiú go leanfaí le ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, d’ainneoin na n-imthosca doiligh a raibh siad ag déileáil leo sa bhliain.

Bhí an phaindéim mar fhianaise eile ar a mhéid atá carthanais spleách ar iontaoibh agus muintín an phobail ionas gur féidir leo oibríthe deonacha agus cistí a mhealladh chun seirbhísí agus tacaí ríthábhachtacha a sholáthar do dhaoine soghonta inár sochaí agus don mhórphobal araon. Gné lárnach dár sainordú

“Bainfear úsáid as an taighde sin chun ár gcuid oibre agus ár ndíriú straitéiseach a threorú sna blianta atá le teacht agus beidh sé ar an mbonn leis na réimsí taighde amach anseo a bheidh ábhartha don earráil.”

rialála arís eile sa bhliain 2020 a bhí i dtacaíocht a thabhairt do charthanais chláraithe caighdeán rialachais a neartú laistigh dá n-eagraíocht agus, ag an am céanna, i gcarthanais a choinneáil cuntasach nuair nár comhlíonadh na caighdeán sin.

De bhreis ar fhreagairt don ghéarchéim sláinte poiblí, lean an Rialálaí Carthanas lena chroí-obair i réimse an chlárucháin charthanas, agus 912 charthanas á gcur leis an gClár Carthanas sa bhliain 2020. Lean ár bhfoireann um chomhlíonadh agus forfheidhmiú le haghaidh a thabhairt ar ábhair inmí a tharraing daoine den phobal anuas maidir le carthanais agus le heagraíochtaí eile. Ag teacht sna sála ar an obair sin, dúnadh 512 ábhar inmí sa bhliain agus tosáíodh trí imscrúdú reachtúla.

Agus aitheantas á thabhairt aige don ról lárnach is féidir le caighdeán bhunúsacha rialachais a imirt i gcabhrú le carthanais déileáil leis na dúshláin a d'eascair as an ngéarchéim sláinte poiblí, d'oibrigh an Rialálaí Carthanas le leas-sealbhóirí chun a chinntiú go leanfaí le cur i bhfeidhm beartaithe an Chóid Rialachais do Charthanais sa bhliain 2020. Áiríodh lenár gcuid oibre sa réimse sin oiliúint ar líne a sholáthar ar an gCód Rialachais do Charthanais, rud ar bhain breis agus 1,000 iontaobhaí carthanais leas as sa bhliain 2020. Chuireamar tuilleadh ábhar agus treorach le Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais agus leis na Ceisteanna Coitianta, agus idirchaidreamh á dhéanamh againn go díreach le breis agus 100 carthanas chun a mheasúnú cén dul chun cinn a bhí déanta acu ar an gCód a chur chun feidhme. Trí chaidreamh a dhéanamh go díreach le carthanais sa bhliain chun tuiscint a ghnóthú ar chineál aon deacrachtaí a rabhtas ag teacht orthu agus caighdeán áirithe sa Chód á gcomhlíonadh, cuireadh ar ár gcumas tuilleadh treorach agus ábhar teimpléadach a shainaithint agus a fhorbairt chun tacú leis an earnáil. Bhí sé soiléir ón taighde ar choimisiúnaigh an Rialálaí Carthanas é go mall sa bhliain 2020 agus go luath sa bhliain 2021 cé chomh tábhachtach is atá an obair a dtugann an Rialálaí Carthanas agus carthanais fúithi i réimse an rialachais. Sa taighde sin, dheimhnigh 96% de na freagraithe ar an suirbhé go raibh siad ar an eolas faoin gCód Rialachais do Charthanais agus luaigh 85% díobh sin go raibh siad den tuairim go raibh an Cód Rialachais ag cabhrú leis an gcarthanas feabhas a chur ar an dóigh a raibh sé á reachtáil.

Mar rialálaí carthanas in Éirinn, aithnítear lenár dtosaíochtaí straitéiseacha an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil acmhainní cuí againn agus go bhfuil againn baill foirne a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha, an taithí oiriúnach agus na scileanna oiriúnacha acu. D'ainneoin na paindéime, tugadh faoi earcaíocht le haghaidh roinnt folúntas tábhachtach sa bhliain 2020 agus d'oibríomar i ndlúthchomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun dul chun cinn a dhéanamh ar ár bpleananna le haghaidh tuilleadh neamhspleáchais chorparáidigh.

Chuireamar gach ceann dár n-imeachtaí ar siúl ar líne freisin agus d'fhreastail 1,276 dhuine ar imeachtaí an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2020. I Seachtain na nIonntaobhaithe Carthanas 2020, bhí méadú 376% ann ar an líon daoine a d'fhreastail ar ár seimineáir Ghréasáin i gcomparáid leis an líon daoine a d'fhreastail ar na himeachtaí aghaidh ar aghaidh a cuireadh ar siúl sa bhliain 2019. Bhí an líon daoine a d'fhreastail ar ár n-imeachtaí ina léiriú ar an tiomantas soiléir atá ag na daoine sin a oibríonn go deonach nó go gairmiúil san earnáil carthanas do chaidreamh a dhéanamh leis an Rialálaí Carthanas.

Níl aon amhras ann ach gurb é teacht phaindéim COVID-19 go luath sa bhliain 2020 an dúshlán is mó a bhfuilimid ag déileáil leis mar shochaí le lear blianta anuas. Bhí sé soiléir ón taighde ar choimisiúnaigh an Rialálaí Carthanas é go leagann pobal na hÉireann an-tábhacht ar charthanais. Sa taighde sin, chuir 86% de fhreagraithe ar an suirbhé in iúl gur tábhachtach nó an-tábhachtach atá carthanais agus an obair a dhéanann siad agus rátáil 78% díobh gur suntasach nó an-suntasach atá an tionchar atá ag carthanais ar shochaí na hÉireann.

Cé go bhfuilimid cinnte de go mbímid ag bogadh níos gaire dár bhfís a bhaint amach, is é sin, earnáil carthanas atá beoga, a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil a chruthú, is eol dúinn go bhfuil a lán oibre le déanamh fós, a bhfuil roinnt di ag brath ar leasuithe a dhéanamh ar an Acht Carthanas 2009. Leanfaimid le hobair i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail de réir mar a fhéachann sí leis an reachtaíocht riachtanach a chur ar aghaidh, agus táimid buíoch den Aire agus d'oifigigh na Roinne as an tacaíocht a thug siad don Rialálaí Carthanas sa bhliain 2020.

Mar fhocal scoir, thar ceann Bhord agus fhoireann an Rialálaí Carthanas, ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár leas-sealbhóirí uile as a dtacaíocht agus a gcaidreamh leanúnach.



Patrick Hopkins
Cathaoirleach



Helen Martin
Príomhfheidhmeannach

Meitheamh 2021

Buaicphointí [2020]

11,426 charthanas
ar an gClár ag
deireadh na bliana 2020,
cothrom le méadú
8.7%

912
an líon eagraíochtaí a
cuireadh leis an gClár
Carthanas sa bhliain
2020, cothrom le
méadú 7.9% ar an
mbliain 2019



134 an líon carthanas
a díchláraíodh toisc
gur chaill siad a stádas
carthanúil cánach,
cothrom le méadú 3.1%
ar an mbliain 2019

1,064
an líon iontaobhaithe
carthanas a d'fhreastail
ar ár seisiúin oiliúna
ar líne ar an gCód
Rialachais do
Charthanas

3
an líon
imscrúduithe
reachtúla a seoladh

466 AN LÍON
ÁBHAR-IMNÍ

a fuarthas
sa bhliain 2020, cothrom
le laghdú 28.2%
ar an mbliain 2019

510 an líon
ábhar imní a
dúnadh faoi
dheireadh na
bliana

D'aistrigh gach ball foirne
de chuid an Rialálaí
Carthanas chuig
CIANOBAIR

Cuireadh
**LÍNE
FÓIN** ar bun
chun
a bail foirne
a chumasú
ar n-ionad
teagmhála a
oibriú go cianda


Dhéileáil baill
foirne inár
n-ionad teagmhála
le 18,020
teagmháil le
linn na bliana

Fadaíodh an **Spríocdháta**


tuairiscithe bhliantúil do charthanais faoi dhó mar aitheantas ar na dúshlán a bhí le sárú ag carthanais sa bhliain 2020



Foilsíodh 7 dtreoir dhoiciméad do charthanais ar ár suíomh Gréasáin



Foilsíodh Tuarascáil an tSuirbhé ar **Thionchar Covid-19** ar Charthanais



1,276 an líon daoine a d'fhreastail i bpearsa nó go fíorúil ar sheimineáir de chuid an Rialálaí Carthanais sa bhliain 2020

Seimineár aghaidh ar aghaidh

le haghaidh iontaobhaithe carthanais nuacheaptha



2

an líon seimineár Gréasáin 'Buail leis an Rialálaí Carthanais' a reáchtáladh

2 an líon seimineár Gréasáin ar an gCód Rialachais do Charthanais: An Bealach i dTreo

Comhlíonadh a reáchtáladh



Seimineár Gréasáin d'eagraíochtaí atá sa **PHRÓISEAS IARRATAIS**

Reáchtáladh Seachtain na nIonntaobhaithe Carthanais

GO FÍORÚIL den chéad uair riamh

Seoladh feachtas fheasacht an phobail sna meáin, le tacaíocht ón nGarda Síochána, maidir le bailiúcháin éadaigh

Feasacht an phobail ar an Rialálaí Carthanais

méadú 4% ar an mbliain 2019



Seoladh feachtas sna meáin inar meabhraíodh don phobal an Clár Carthanais a sheiceáil sula dtugann siad síntiús

148,730

an líon cuairteoirí ar www.charitiesregulator.ie, cothrom le méadú 20% ar an mbliain 2019

www

¹ An Suirbhé a rinne an Rialálaí Carthanais ar an bPobal i mí na Nollag 2020. Bhí feasacht ag 57% den phobal ar an Rialálaí Carthanais, suas ó 53% sa bhliain 2019.

Ár nOibríochtaí

Tá an obair a dhéanann an Rialálaí Carthanas allínithe leis na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa dara Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2019 - 2021. Is iad seo a leanas na ceithre Thosaíocht Straitéiseacha atá againn:

- Iontaoibh agus Muinín an Phobail as Carthanas a Neartú
- Rialáil agus Cosaint atá Comhréireach agus Rioscabhunaithe a Sholáthar
- Comhlíonadh a Chur Chun Cinn agus Caidreamh a Fheabhsú
- Éifeachtúlacht Oibríochtúil agus Soláthar Seirbhíse a Fheabhsú

Is iad na Tosaíochtaí Straitéiseacha sin an bonn dár gcuid oibre sna réimsí seo a leanas:

- Clárú Carthanas
- Comhlíonadh agus Forfheidhmiú
- Seirbhísí Carthanas agus Gnóthaí Dí
- Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí
- Treoir agus Taighde
- Rialachas agus Bainistíocht an Rialálaí Carthanas



An Cód Rialachais do Charthanais

Sheol an Rialálaí Carthanas an Cód Rialachais do Charthanais i mí na Samhna 2018². Leagtar síos ann na caighdeáin íosta ar cheart d'iontaobhaithe carthanais (i.e. aon duine atá ag fónamh ar Bhord nó ar choiste de chuid carthanais) a chinntiú go gcomhlíonann a gcarthanas iad ionas gur féidir leo a n-eagraíocht a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Aithnítear sa Chód Rialachais do Charthanais an éagsúlacht ollmhór atá le fáil i measc carthanais Éireannacha, agus iad sa raon idir eagraíochtaí a bhfuil a láimhdeachas sna milliúin euro agus a bhfuil na céadta ball foirne acu agus carthanais atá faoi stiúir ag oibríthe deonacha agus a bhfuil ioncam an-iseal acu. Tá an Cód Rialachais do Charthanais deartha chun bheith comhréireach agus cuireadh carthanais atá comhdhéanta d'oibríthe deonacha amháin agus carthanais a bhfuil líon beag ball foirne íoctha acu san áireamh go príomha nuair a bhí sé á ullmhú.

Ag seoladh an Chóid sa bhliain 2018, thug an Rialálaí Carthanas le fios go mbeifí ag súil leis go mbeadh an Cód Rialachais do Charthanais curtha chun feidhme ag gach carthanas cláraithe faoin mbliain 2020. Mar chuid den tiomantas atá againn do thacú le hiontaobhaithe carthanais an Cód Rialachais do Charthanais a chur chun feidhme, chuireamar Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais³ le chéile ina bhfuil sraith treoidhoiciméad agus teimpléad, lena n-áirítear leagan comhlánaithe den 'Fhoirm Shamplach um Chomhlíonadh a Thaifeadadh' do charthanais chasta agus do charthanais bheaga neamhchasta araon. Ina theannta sin, mar fhreagairt d'ábhair inní a tharraing iontaobhaithe carthanais anuas agus chun a chinntiú go mbeadh soiléire ag carthanais chláraithe maidir le tuairisciú ar an gCód, d'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas Nóta Faisnéise dar teideal "An Cód Rialachais do Charthanais – Tuairisciú ar Chomhlíonadh sa bhliain 2021".

Sa dara cuid den bhliain 2020, chuaigh an Rialálaí Carthanas i dteagmháil le breis agus 100 carthanas a thug luathléiriú ar a mhéid a bhí an Cód Rialachais do Charthanais curtha chun feidhme acu. Trí dhul i dteagmháil go díreach leis na carthanais lena mbaineann, bhíomar in ann cúnamh a thabhairt dóibh agus, ag an am céanna, sainaitheint a dhéanamh ar shaincheisteanna coiteanna a bhí ag bualadh do charthanais agus ar réimsí ina bhfuil tuilleadh ábhar treorach agus tacaí ag teastáil.

Le linn na bliana 2020, soláthraíodh 34 chúrsa oiliúna ar líne san iomlán ar an gCód Rialachais do Charthanais. D'fhreastail breis agus 1,000 iontaobhaí carthanais ar na cúrsaí sin. Tá físeán de cheann amháin de na seisiúin oiliúna sin ar fáil anois ar ár suíomh Gréasáin⁴. Chomh maith leis sin, reáchtálar dhá sheimineár Gréasáin ar an topaic 'An Cód Rialachais do Charthanais: An Bealach i dTreo Comhlíonadh' mar chuid de Sheachtain na nIonntaobhaithe Carthanais i mí na Samhna 2020. Tá físeán den seimineár Gréasáin sin ar fáil freisin ar ár suíomh Gréasáin⁵.

“Bhí sé faisnéiseach agus dea-uainithe - ní raibh sé rófhada ná róghearr. Bhí sé spéisiúil cluinstitín faoi eispéireas carthanais eile chomh maith.”

Rannpháirtí sa seimineár Gréasáin 'An Cód Rialachais do Charthanais – An Bealach i dTreo Comhlíonadh' an 17 Samhain

“D'fhreastail breis agus 1,000 iontaobhaí carthanais ar oiliúint ar an gCód Rialachais do Charthanais.”

² Tá an Cód Rialachais do Charthanais ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://www.charitiesregulator.ie/media/1609/charities-governance-code.pdf>

³ Tá Tacar Uirlisí an Chóid Rialachais do Charthanais ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities/charities-governance-code>

⁴ Is féidir amharc ar an bhFíseán Oiliúna ar an gCód Rialachais do Charthanais ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities/charities-governance-code>

⁵ Is féidir amharc ar fhíseán an tseimineáir Ghréasáin 'An Cód Rialachais do Charthanais: An Bealach i dTreo Comhlíonadh' ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities/events-and-information-videos>

Clárú Carthanas

“De réir an dlí, ní fhéadfaidh ach carthanas cláraithe an téarma ‘carthanas’ a úsáid.”

Déanann an Rialálaí Carthanas an Clár Carthanas a chothabháil. Bhí 11,426 charthanas ann ar an gClár Carthanas ag an 31 Nollaig 2020. B’ionann é sin agus glanmheadú 912 charthanas ar an bhfigiúr ag deireadh na bliana 2019. Is féidir le haon duine an Clár a chuardach nó cóip den Chlár a íoslódáil ag www.charitiesregulator.ie.

- Féadfaidh carthanas cláraithe iarratas a dhéanamh ar dheontais áirithe agus ar fhoinsí áirithe cistiúcháin;
- Tráth a chláraíonn siad, tugtar do charthanas cláraithe Uimhir Charthanas Chláraithe lena léirítear do shíntiúsóirí agus don phobal gur eintiteas rialáilte iad;
- Tá leathanach ag gach carthanas cláraithe ar an gClár Carthanas, áit ar féidir le síntiúsóirí nó leis an bpobal faisnéis thábhachtach a fháil faoin gcarthanas.

De réir an dlí, ní mór do gach carthanas a oibríonn, nó atá ag iarraidh oibriú, sa Stát iarratas a dhéanamh ar a n-áireamh ar an gClár Carthanas, beag beann ar a méid, ar a struchtúr dlíthiúil nó ar a n-ioncam. Tugtar sonraí faoi gach carthanas cláraithe sa Chlár agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le hiontaoibh agus muinín an phobail as an earnáil carthanas a neartú. Is gá gur dianphróiseas a bheadh sa phróiseas iarratais, agus gabhann roinnt tairbhí lena bheith cláraithe go rathúil, mar shampla:

- De réir an dlí, ní fhéadfaidh ach carthanas cláraithe na téarmaí “carthanas” nó “carthanas Éireannach” a úsáid agus é ag cur síos ar a eagraíocht;
- Tá sé de cheart ag carthanas cláraithe iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar roinnt díolúintí cánach, ar lacáistí cánach agus ar scéimeanna tairbhíúla eile;

Tá carthanas a cláraíodh le breith faoi alt 39 den Acht Carthanas 2009⁶ freagrach as 44% (5,011 charthanas) den líon iomlán carthanas ar an gClár – rud ar mhéadú 6% é ar an bhfigiúr ag deireadh na bliana 2019. Ag deireadh na bliana 2020, bhí 56% de charthanas (6,415 charthanas) ar an gClár cláraithe faoi alt 40 den Acht Carthanas 2009. Foráladh le halt 40 gurbh amhlaidh, maidir le heagraíochtaí a raibh díolúine bhailí charthanúil chánach agus uimhir charthanas ghaolmhar arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim acu tráth bhunú an Rialálaí Carthanas an 16 Deireadh Fómhair 2014, go measfaí iad a bheith cláraithe go huathoibríoch ar an gClár Carthanas. Ba ann do 8,452 charthanas a measadh a bheith cláraithe go huathoibríoch ar an mbealach sin an 16 Deireadh Fómhair 2014. Beidh carthanas den sórt sin cláraithe leis an Rialálaí Carthanas fad a bheidh siad i dteideal an díolúine charthanúil chánach ábhartha a shealbhú. Sa bhliain 2020, baineadh a ndíolúine charthanúil chánach de 134 charthanas a measadh a bheith cláraithe. Baineadh go huathoibríoch iad den Chlár Carthanas dá bharr sin. San iomlán, rinneadh 2,075 eagraíocht a measadh a bheith cláraithe faoi alt 40 a bhaint den Chlár ó bhunú an Rialálaí Carthanas amach.

Foirm dhlíthiúil carthanas cláraithe

Féadfaidh carthanas ceann amháin de thrí chineál foirme dlíthiúla a thógáil: Comhlacht corpraithe, comhlacht neamhchorpraithe agus iontaobhas carthanúil. Is féidir na carthanas ar an gClár Carthanas a mhiondealú mar a leanas:

Foirm dhlíthiúil	Cineál	Líon	% den iomlán
Corpraithe	Cuideachtaí	4,760	41.7%
Neamhchorpraithe	Cumann	1,638	14.3%
	Bord bainistíochta (scoileanna)	3,569	31.2%
	Eile	838	7.3%
Iontaobhas Carthanúil	Iontaobhas	621	5.4%
	Iomlán	11,426	

Tábla 1: Foirm dhlíthiúil carthanas cláraithe

⁶ Is féidir leat amharc ar an Acht Carthanas 2009 ag an nasc seo a leanas: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2009/act/6/enacted/en/html>

Cuspóir carthanúil carthanas

Leagtar catagóirí sonracha de chuspóirí carthanúla amach san Acht Carthanas 2009. Is iad sin:

- An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;
- Oideachas a chur ar aghaidh;
- Creideamh a chur ar aghaidh;
- Aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal*.

Cuspóir carthanúil de réir catagóire	Líon	% den iomlán
Oideachas a chur ar aghaidh	5,988	33%
Creideamh a chur ar aghaidh	1,245	6.6%
Cuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal	10,101	53.9%
An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a mhaolú	1,397	7.5%
Iomlán	18,731**	

Tábla 2: Carthanas de réir Cuspóir Carthanúil

Tuairisciú Bliantúil ag Carthanas

Ceanglaítear ar charthanas tuairisc a thabhairt gach bliain ar a n-airgeadas, a n-acmhainní agus a ngníomhaíochtaí. Bíonn tuarascálacha bliantúla dlíte 10 mí tar éis dheireadh bliana airgeadais an charthanas. Is ceanglas dlíthiúil é sin faoi alt 52 den Acht Carthanas 2009. Rinne paidéim Covid-19 difear do charthanas chláráithe agus go háirithe don dóigh a gcomhlíonann iontaobhaithe carthanas a gcuid dualgas de ghnáth. Ceann de na bearta a rinneadh mar fhreagairt

don difear sin ba ea an spriocdháta a sonraíodh le haghaidh tuarascálacha bliantúla a chomhdú a fhadú. D'fhadaigh an tÚdarás an dáta dhá uair, rud a d'fhág gur fadaíodh chuig an 16 Nollaig 2020 an dáta le haghaidh tuarascálacha bliantúla a bhí le comhdú ar dtús idir an 12 Márta 2020 agus an 15 Nollaig 2020 a chur isteach.

Tuairisciú Bliantúil a Chomhlíonadh

Tomhaiseann an Rialálaí Carthanas dhá tháscaire feidhmíochta thábhachtacha a bhaineann le comhdú tuarascálacha bliantúla: an líon carthanas a chomhlíonann an oibleagáid comhdaithe roimh an spriocdháta tuairiscithe

bhliantúil atá acu agus an líon carthanas a chomhlíonann an oibleagáid comhdaithe laistigh de 7 mí ó dheireadh na bliana ina raibh an tuarascáil bhliantúil le comhdú.

Bliain	Carthanas a Chomhdaigh in Am	Comhlíonadh laistigh de 7 mí ó dheireadh na bliana
2016	42%	89%
2017	54%	98%
2018	70%	95%
2019	75%	94%
2020	78%	N/B

Tábla 3: Tuairisciú Bliantúil ag Carthanas

Cé gur fhadaigh an Rialálaí Carthanas an spriocdháta le haghaidh tuarascálacha bliantúla a chomhdú sa bhliain 2020, tá an méadú ar an líon carthanas a chomhdaigh in am sa bhliain 2020 mar fhianaise ar obair chrua, díograis agus

tiomantas na n-iontaobhaithe deonacha carthanas le linn phaindéim Covid-19.



* Tá 12 fhochatagóir ann faoin gcuspóir seo.

** Bhí 11,426 charthanas chláráithe ann ag deireadh na bliana 2020. Féadfaidh carthanas níos mó ná cuspóir carthanúil amháin a bheith acu.

Faisnéis Airgeadais faoi Charthanais in Éirinn

Tugtar sa tuarascáil bhliantúil arna comhdú ag carthanas aonair faisnéis faoi ghníomhaíochtaí an charthanais sin le linn a bhliana airgeadais roimhe agus léirítear inti conas a chuireann an carthanas sin a chuspóir carthanúil ar aghaidh. Chomh maith leis sin, léirítear inti conas a bhain carthanas úsáid as a chistiú chun leas an phobail agus tugtar sonraí inti faoina ioncam, faoina chaiteachas agus faoin líon fostaithe, faoi na cineálacha tairbhíthe agus faoin líon measta tairbhíthe a bhí aige sa tréimhse tuairiscithe. Den 2,623 charthanas a thuairiscigh ioncam bliantúil os cionn €250,000 sa bhliain 2020, bhí ioncam os cionn €1 mhilliún ag 1,063 cinn. Is ionann é sin agus méadú 188 gcarthanas ar an bhfigiúr don bhliain 2019. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tógadh na figiúirí ó thuarascálacha bliantúla a eisíodh chuig an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2020. Dá bhrí sin, is le gníomhaíochtaí sa bhliain 2019 a bhaineann siad.

**“Thuairiscigh
1,063
charthanas
ioncom os cionn
€1 mhilliún”**



Iontaobhaithe Carthanais, Fostaithe Carthanais agus Oibrithe Deonacha a Oibríonn le Carthanais

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as carthanais a bhainistiú, a rialú agus a riar. Cé gur oibrithe deonacha iad, gabhann freagracht shuntasach leis an ról mar iontaobhaí carthanais. Trínár dteagmháil thráthrialta le carthanais, déanaimid dianiarracht a chinntiú go mbíonn iontaobhaithe carthanais ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu agus faoin treoir agus faoi na tacaí eile atá ar fáil dóibh ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanais. Déanaimid an obair sin ar mhaithe le comhlíonadh ceanglas rialála a chur chun cinn agus ar mhaithe le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir carthanais chláraithe agus an Rialálaí Carthanais. Bhí 74,124 iontaobhaí carthanais ann ar an gClár Carthanais ag an 31 Nollaig 2020, rud ar mhéadú 10% é ar an bhfigiúr don bhliain 2019.

Tá carthanais miondealaithe thíos bunaithe ar an líon fostaithe agus oibrithe deonacha atá acu de réir na dtuarascálacha bliantúla a chomhdaigh siad leis an Rialálaí Carthanais. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tógadh na figiúirí ó thuarascálacha bliantúla a eisíodh chuig an Rialálaí Carthanais sa bhliain 2020. Dá bhrí sin, is le gníomhaíochtaí sa bhliain 2019 a bhaineann siad.

“Tá níos lú ná 2 duine d’oibrith deonacha ag 72% de charthanais”

Líon Oibrithe Deonacha	2018	2019	Méadú mar %	% de charthanais
Duine ar bith	896	996	11%	15%
1-9	2,258	2,259	13%	38%
10-19	1,115	1,318	18%	19%
20-49	917	1,065	16%	16%
50-249	545	611	12%	9%
250+	184	230	25%	3%
Iomlán	5,915	6,779	15%	100%

Tábla 4: An líon oibrithe deonacha a d’oibrigh do charthanais sa bhliain 2019 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018


Líon Fostaithe	2018	2019	Méadú mar %	% de charthanais
Duine ar bith	2,569	2,849	11%	42%
1-19	2,498	2,941	18%	43%
20-49	456	535	17%	8%
50-249	286	319	12%	5%
250+	106	135	27%	2%
Iomlán	5,915	6,779	15%	100%

Tábla 5: An líon fostaithe a d’oibrigh do charthanais sa bhliain 2019 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2018

Carthanas de réir Contae



74,124
iontaobhaí carthanasais
in Éirinn.”



Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Ceann de na príomhfheidhmeanna atá ag an Rialálaí Carthanas is ea faireachán a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil carthanas ag comhlíonadh fhorálacha an Ahta Carthanas 2009 agus comhlíonadh na bhforálacha sin a chinntiú. Coinníodh ár gcuid oibre comhlíonta agus forfheidhmiúcháin ar bun le linn na bliana 2020, beag beann ar an aistriú chuig cianobair. Bhí méadú ann ar roinnt agaí freagartha, áfach, de bharr moilleanna ar dhoiciméid agus taifid a fháil.

Tagann ábhair imní faoi charthanas agus eagraíochtaí eile chun cinn trí theagmhálacha ó dhaoine den phobal, trí theagmhálacha ó charthanas, trí thuairiscí sna meáin agus trí an obair réamhghníomhach faireacháin a dhéanann an Rialálaí Carthanas. Tá ár mBeartas maidir le hÁbhair Imní,

atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, mar bhonn agus thaca ag an obair sin. Tar éis dúinn ábhar imní a fháil, scrúdaímid an fhaisnéis a tugadh dúinn, déanaimid measúnú riosca ar an ábhar agus, má bhíonn údar ann le déanamh amhlaidh, iarraidimid dearbhú agus faisnéis ón gcarthanas nó ón eagraíocht lena mbaineann. I gcás nach mbeidh an Rialálaí Carthanas ar a shuaimhneas go fóill tar éis faisnéis a fháil ó charthanas, féadfaimid leas a bhaint as na cumhachtaí atá againn faoin Acht Carthanas 2009 chun faisnéis a éileamh, ordacháin a eisiúint, smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus, nuair is gá, cigirí a cheapadh chun gnóthaí an charthanas a imscrúdú.

Ábhair Imní a Tarraingíodh Anuas

Tarraingíodh 466 ábhar imní aonair anuas leis an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2020. Is ionann é sin agus laghdú 28% ar an líon ábhar imní a tarraingíodh anuas sa bhliain 2019, ar lena linn a fuarthas 649 gcinn. Tháinig laghdú 23%, ó 521 cheann sa bhliain 2019 go 399 gcinn sa bhliain 2020, ar an líon eagraíochtaí ar tarraingíodh ábhair imní anuas fúthu.



Catagóir	2020	2019	Difríocht mar %
An líon ábhar imní aonair a fuarthas	466	649	Laghdú 28%
An líon ábhar imní aonair a dúnadh	510	597	Laghdú 15%
An líon ábhar imní aonair a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana	315	359	Laghdú 12%
An líon ábhar imní a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana de réir eagraíochta	222	237	Laghdú 6%

Tábla 6: An líon ábhar imní a fuarthas

Dúnadh 510 n-ábhar imní aonair san iomlán le linn na bliana 2020. Is ionann an líon sin agus laghdú 15% ar an líon foriomlán ábhar imní aonair a dúnadh sa bhliain 2019, ar lena linn a dúnadh 597 gcinn.

Ós rud é gur ciorraíodh gníomhaíocht san earnáil carthanas agus sa tsochaí i gcoitinne go mór mar thoradh ar na srianta sláinte a cuireadh i bhfeidhm ar fud na tíre de bharr phaindéim Covid-19, bhíodhas ag súil leis go mbeadh laghdú ann ar an líon ábhar imní.

⁷ Tá an Beartas maidir le hÁbhair Imní ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1737/concerns-policy.pdf>

Catagóirí na saincheisteanna a tarraingíodh anuas

Tá cineál éagsúil na saincheisteanna a tarraingíodh anuas leis an Rialálaí Carthanas mar fhianaise ar an raon leathan eagraíochtaí, cuspóirí carthanúla agus tairbhíthe atá ann laistigh d'earnáil carthanas na hÉireann. Is féidir roinnt catagóirí leathana a shainaithint sna hábhair inmí a tarraingíodh anuas, áfach.

Maidir leis na hábhair inmí a fuair an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2020, tarraingíodh saincheisteanna a bhain leis na catagóirí comhcheangailte 'Dlisteanacht an Charthanas', 'Saincheisteanna Rialachais' agus 'Rialú Airgeadais agus Trédhearcacht' anuas i thart ar 86% díobh.

“Bhain **38%** de na hábhair inmí uile a fuarthas le ‘Dlisteanacht an Charthanas’.”

Catagóir	2020	% 2020	2019	% 2019
Dlisteanacht an charthanas	177	38%	297	46%
Rialú airgeadais agus trédhearcacht	121	26%	136	21%
Saincheisteanna rialachais	103	22%	157	24%
Dochar do thairbhíthe	21	5%	17	3%
Tairbhe phríobháideach	20	4%	17	3%
Lasmuigh de shainchúram an Rialálaí Carthanas	18	4%	16	2%
Dul i mbun feachtas polaitíochta míchuí	6	1%	9	1%

Tábla 7: Catagóirí na n-ábhar inmí a fuarthas

Cumhachtaí Chuid 4 – Eagraíochtaí Carthanúla a Chosaint

Tá feidhm forfheidhmiúcháin an Rialálaí Carthanas bunaithe ar rialáil chomhréireach agus rioscabhunaithe a dhéanamh ar charthanas. Le Cuid 4 den Acht Carthanas 2009, tugtar cumhachtaí imscrúdaitheacha agus cosantacha don Rialálaí Carthanas. Áirítear leis na cumhachtaí sin an cumas chun smachtbhannaí a fhorchur i gcás go sáróidh carthanas oibleagáidí áirithe amhail an ceanglas chun leabhair chuntais chuí a choimeád nó tuarascáil bhliantúil a chur isteach. Rud eile de, tugtar an t-údarás don Rialálaí Carthanas leis cigirí a cheapadh chun imscrúduithe reachtúla a dhéanamh ar ghnóthaí carthanas.

Rinne an Rialálaí Carthanas a chumhachtaí faoi Chuid 4 a fheidhmiú i roinnt cásanna le linn na bliana 2020, lena áiríodh:

- Ordacháin a thabhairt d'iontaobhaithe carthanas faoi alt 68 den Acht Carthanas 2009 leabhair, doiciméid agus taifid eile a thabhairt ar aird;
- Cigirí a cheapadh faoi alt 64 den Acht Carthanas 2009 chun imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na dtrí charthanas chláráithe seo a leanas:
 - Cabhrú Housing Association Services (Uimhir Charthanas Chláráithe: 20008543)
 - ChildFund Ireland (Uimhir Charthanas Chláráithe: 20032913)
 - Bóthar CLG (Uimhir Charthanas Chláráithe: 20026592)

Seirbhísí Carthanais agus Gnóthaí Dlí

Ar dháta a bhunaithe, ghlac an Rialálaí Carthanais na ról agus na feidhmeanna a chuir Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn i gcrích roimhe sin. Áirítear leis na feidhmeanna sin próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ó charthanais agus óna gcomhairleoirí dlí ar sheirbhísí a eascraíonn as na hAchtanna Carthanais, 1961 agus 1973. Tacaíonn foireann an Rialálaí Carthanais le hobair an Choiste Seirbhísí Carthanais, a bhreithníonn iarratais a dhéantar faoi Acht 1961 agus faoi Acht 1973.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na cineálacha iarrataí agus iarratas a phróiseálann an Rialálaí Carthanais faoi Acht 1961 agus faoi Acht 1973:


- Diúscairt tailte atá á sealbhú thar ceann iontaobhais charthanúla a údarú
- Orduithe dílseacháin a dhéanamh i ndáil le léasanna
- Scrúdú a dhéanamh ar Fhoirmeacha Tiomnachta Carthanúla a fhaightear ón Oifig Phrohbháide
- Scéimeanna Cy-Près a cheapadh lena gcuirtear maoin carthanais i bhfeidhm⁸

Coinníodh obair an Choiste Seirbhísí Carthanais ar bun le linn phaindéim Covid-19. Cé gur aistrigh foireann an Rialálaí chuig cianobair, d'fhreastail baill foirne a thacaíonn leis an gCoiste Seirbhísí Carthanais ar an oifig ó am go chéile chun obair bhunriachtanach a chur i gcrích, lena áiríodh doiciméid a shéalú. Bhreithnigh an Coiste Seirbhísí Carthanais 228 n-ábhar sa bhliain 2020, mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

Cineál Ábhair	An líon ábhar ar déileáladh leo sa bhliain 2020
Iarratais nach gnáthiarratais iad (ábhar ilghnéitheach, e.g. cásanna inar iarradh tuairim nó comhairle ón Rialálaí Carthanais, iarratais Cy-Près.)	58
Dlíthíocht	5
Gnáthiarratais – diúscairtí maoin (e.g. morgáistí, díolacháin, aistrithe, léasanna, sásamh a údarú.)	82
Ábhar feidhmiúcháin, e.g. leasuithe ar bheartais agus ar nósanna imeachta	15
Cumhacht díola	22
Iontaobhaithe nua a cheapadh	23
Míreanna foirmiúla, e.g. Scéimeanna Cy-Près a shéalú, Tuairim/Comhairle a shéalú	21
Iarratas/ábhar a bhaineann leis an gComhchiste Infheistíochta	2

Tábla 8: Catagóirí ábhar a breithníodh

Tá foireann gnóthaí dlí i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanais, rud a thugann tacaíocht dlí inmheánach ar fud na heagraíochta. Sa bhliain 2020, thug an foireann gnóthaí dlí comhairle dlí ar raon leathan saincheistanna rialála agus ar shaincheistanna dlíthiúla eile.



⁸ Faoi phróiseas Cy-Près, is é carthanais a bhfuil a chuspóir agus a éiteas chomh gar agus is féidir do rún an tsintíúsóra bhunaidh a cheapfar mar thairbhí.

Taighde agus Treoir

Suirbhé Covid-19

De réir mar a bhí carthanais ag teacht ar an eolas faoi éifeachtaí phaindéim Covid-19 ar a gcuid oibre, d'eisigh an Rialálaí Carthanas suirbhé ar chomhlánaigh 2,223 dhuine é. Bhí an chuid is mó de na daoine sin ina n-iontaobhaithe carthanas, agus iad ag déanamh ionadaíocht do raon suntasach carthanas cláraithe Éireannach. Foilsíodh fionnachtana an tsuirbhé i mí na Bealtaine 2020. Leagadh béim iontu ar na dúshláin mhóra a raibh an earnáil ag dul i ngleic leo agus thuairiscigh 55% de na freagraithe iontu gurb éiginnte nó i gcrúachás a bhí airgeadas a gcarthanas ag an am sin. Tá Tuarascáil an tSuirbhé ar Thionchar an Choróinvíris (COVID-19) ar Charthanas ar fáil ar ár suíomh Gréasáin⁹

Suirbhé an Rialálaí Carthanas ar Charthanas agus ar an bPobal

Ag teacht sna sála ar phróiseas iomaíoch tairisceana, d'fhostaigh an Rialálaí Carthanas Amárach Research chun suirbhé a dhéanamh ar charthanas agus ar an bpobal. Tosaíodh an suirbhé i mí na Nollag 2020 agus tugadh chun críche é i mí Eanáir 2021. Ba é sin an chéad chlár cuimsitheach suirbhé ar choimisiúnaigh an Rialálaí Carthanas é riamh.

Tá sé beartaithe go ndéanfar na suirbhéanna gach dhá bhliain chun go mbeifear in ann tomhas a dhéanamh le himeacht ama ar na leibhéil iontaoibhe agus mhuiníne atá ann as an earnáil agus ar an bhfeasacht, an tuiscint agus na dearchtaí atá ann maidir le rialáil carthanas.

Bainfear úsáid as na fionnachtana chun tomhas agus feabhsú a dhéanamh ar ár dtuiscint ar iontaoibh agus muinín an phobail as carthanas in Éirinn agus chun eolas a dhéanamh do chomhlíonadh éifeachtach shainordú rialála an Rialálaí.



“Thug **2,223** dhuine freagra ar ár Suirbhé ar Thionchar Covid-19 ar Charthanas.”



⁹ Is féidir leat amharc ar Thuarascáil an tSuirbhé ar Thionchar an Choróinvíris (COVID-19) ar Charthanas ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1924/report-impact-of-coronavirus-covid-19-on-charities-survey.pdf>

Foilseacháin

Glacann an Rialálaí Carthanas cur chuige praiticiúil tacúil i leith an earnáil carthanas a rialáil. Mar chuid dár gcuid oibre, d'fhoilsíomar naoi gcinn de threirdhoiciméid agus de dhoiciméid faisnéise sa bhliain 2020 chun cúnaimh agus eolas a thabhairt do charthanas agus don phobal. Tá na treirdhoiciméid uile ar fáil ar ár suíomh Gréasáin agus ag na naisc thíos. Is iad seo na treirdhoiciméid a foilsíodh sa bhliain 2020:



Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)¹⁰



Treoir maidir le Cosaint d'Eagraíochtaí Carthanúla a Oibríonn le Leanaí¹¹

Treoir do Charthanas maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chosc¹²



Treoir maidir le Cúlchistí Carthanas¹³



Do Charthanas a Chosaint ar an gCibearchoireacht¹⁴



Tuarascáil Bhliantúil an Rialálaí Carthanas 2019¹⁵



An Leabhar Tagartha don Chód Rialachais do Charthanas agus do Thacar Uirlisí an Chóid (Scaipeadh cruachóipeanna ar gach leabharlann phoiblí in Éirinn mar leabhair thagartha.)

Nóta Faisnéise: An Cód Rialachais do Charthanas – Tuairisciú ar Chomhlíonadh sa bhliain 2021¹⁶



Tuarascáil an Rialálaí Carthanas maidir le Comhlíonadh 2019¹⁷

¹⁰ <https://www.charitiesregulator.ie/media/1866/safeguarding-guidance-for-charitable-organisations-adults-final.pdf>

¹¹ <https://www.charitiesregulator.ie/media/1868/safeguarding-guidance-for-charitable-organisations-children-final.pdf>

¹² <https://www.charitiesregulator.ie/media/1909/guidance-on-anti-money-laundering-and-counter-terrorist-financing-for-charities.pdf>

¹³ <https://www.charitiesregulator.ie/media/1919/guidance-on-charity-reserves-final.pdf> 14 <https://www.charitiesregulator.ie/media/1925/protecting-your-charity-from-cybercrime.pdf>

¹⁵ <https://www.charitiesregulator.ie/media/1947/charities-regulator-annual-report-2019.pdf>

¹⁶ <https://www.charitiesregulator.ie/media/2036/information-note-charities-governance-code-reporting-in-2021.pdf>

¹⁷ <https://www.charitiesregulator.ie/media/2047/charities-regulator-compliance-report-2019.pdf>


Cumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

I mí an Mhárta 2020, bhí sé riachtanach ár bpleananna um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí a athrú go mór mar fhreagairt don dianghlasáil ar shainordaigh an Rialtas í. Feidhm lárnach is ea cumarsáid, a bhfuil mar aidhm léi feacht ar an Rialálaí Carthanas a chothú i measc carthanas agus an phobail agus caidreamh a dhéanamh le leas-sealbhóirí. Mar gheall ar phaindéim Covid-19, tháinig méadú ar an éileamh ar sheirbhísí i gcás mórán carthanas. Ag an am céanna, cuireadh teorainneacha leis an dóigh a bhféadfadh siad na seirbhísí sin a sholáthar. Bhain na teorainneacha sin leis an soláthar praiticiúil acmhainní airgeadais agus acmhainní eile agus leis an bhfáil orthu. Mar thoradh ar na dúshláin sin agus ar dhúshláin eile a raibh

an earnáil ag dul i ngleic leo, bhí sé níos tábhachtaí fós don Rialálaí na príomhtheachtaireachtaí a chur in iúl ar bhealach soiléir éifeachtúil trí úsáid a bhaint as modhanna a bhí ann cheana, amhail na meáin shóisialta, fógraíocht raidió agus ár suíomh Gréasáin, agus as ardáin dhigiteacha nua araon.

Chun feidhmíocht éifeachtach ár gcumarsáidí a chinntiú, tá sé tábhachtach a aithint cé hiad ár leas-sealbhóirí agus ár gcumarsáidí a chur in oiriúint do spriocphobail ábhartha chun a chinntiú go soláthrófar teachtaireachtaí tábhachtacha ar an mbealach is mó tionchar.

Ár Leas-Sealbhóirí



Imeachtaí le haghaidh Leas-Sealbhóirí

Go luath i mí an Mhárta 2020, d'óstálar imeacht le haghaidh iontaobhaithe carthanais ó roinnt carthanais nuachlártaite in oifigí an Rialálaí Carthanais sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath. Chuireamar an t-imeacht sin ar siúl d'fhonn cabhrú le hiontaobhaithe nua a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ar aon dul leis an Acht Carthanais 2009. Ba é an seimineár sin an deis deiridh a bhí againn bualadh le hiontaobhaithe carthanais ar bhonn aghaidh ar aghaidh sa bhliain 2020. A luaithe a tháinig dianghlasáil náisiúnta Covid-19 in éifeacht, thosaíomar ag iniúchadh bealaí eile ina bhféadfaimis leanúint lenár bpleananna cumarsáide ar bhealach sábháilte éifeachtach.

Cuireadh ár n-imeachtaí bliantúla 'Buail leis an Rialálaí Carthanais' ar siúl ar líne agus, i mí an Mheithimh 2020, reáchtálar dhá imeacht ar líne le haghaidh iontaobhaithe carthanais. Trí úsáid a bhaint as ardán cruinnithe ar líne, bhíomar in ann freastal ar níos mó iontaobhaithe carthanais ó áiteanna ar fud na tíre. I mí Mheán Fómhair, d'óstálar seimineár Gréasáin a bhí dírithe go sonrach ar eagraíochtaí a bhí ag déanamh iarratas ar stádas carthanúil agus, i mí na Samhna, d'óstálar dhá sheimineár Gréasáin bhreise mar chuid de Sheachtain na nIonntaobhaithe Carthanais 2020, ar lena linn a díriodh ar an gCód Rialachais do Charthanais: An Bealach i dTreo Comhlíonadh. D'fhreastail 1,276 dhuine ar na himeachtaí sin sa bhliain 2020.

Táimid tiomanta do bheartas comhdheiseanna a shaothrú

agus tá bearta i bhfeidhm againn chun a chinntiú gur cuimsitheach agus inrochtana araon atá ár suíomh Gréasáin agus ár n-imeachtaí uile le haghaidh leas-sealbhóirí, lena n-áirítear ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid nuair is gá. Tá sé mar aidhm againn an oiread cúnaimh agus is féidir a thabhairt do leas-sealbhóirí agus cuirimid fáilte roimh thuairimí agus moltaí maidir leis an dóigh ar féidir linn ár n-imeachtaí a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh.

"D'fhreastail 1,276 dhuine ar imeachtaí an Rialálaí Carthanais sa bhliain 2020."



"Shíl mé go raibh sé go hiontach agus, ós rud é go bhfuilim i mo chónaí i gCorcaigh, bhí an-áthas orm go raibh mé in ann freastal air. Dá mbeadh cruinniú fisiciúil ann in ionad seimineár Gréasáin, nílim cinnte go mbeinn i láthair!"

Rannpháirtí sa seimineár Gréasáin 'Buail leis an Rialálaí Carthanais' an 23/07/2020

"Bhí roinnt imeagla orm faoin bpróiseas ach tuigim anois go bhfuil sé níos fusa ná mar a bhí mé ag súil leis. Bhí na láithreoiréachtaí an-soiléir."

Rannpháirtí sa seimineár Gréasáin 'Iarratas a Dhéanamh ar Stádas Carthanúil' an 30/09/2020

Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais 2020

Is é an bunchuspóir atá le Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais aitheantas a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais ar fud na hÉireann, agus buíochas a ghabháil leo, as an obair thábhachtach dhícheallach a dhéanann siad fud fad na bliana. Sa bhliain 2020, cuireadh an ceathrú ceann de Sheachtain na nIontaobhaithe Carthanais ar siúl idir an 16 agus an 20 Samhain 2020. Bhí an tseachtain comhdhéanta de shraith struchtúrtha imeachtaí fadréimseacha. Déanann an Rialálaí Carthanais cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha i gcomhpháirt le seacht n-eagraíocht eile a oibríonn le carthanais agus a dhéanann ionadaíocht dóibh: Ionad Carmichael, The Wheel, Obair Dheonach Éireann, Institiúid Carthanais Éireann, Boardmatch, Pobal agus Dóchas.

Is iad seo na príomhchuspóirí atá le Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais, mar a chomhaontaigh an Coiste Stiúrtha:

- Iontaobhaithe carthanais a cheiliúradh agus buíochas a ghabháil leo as an ról ríthábhachtach a imríonn siad maidir le carthanais na hÉireann a rialú agus a stiúradh;

Béim a leagan ar a thábhachtaí atá dea-rialachas ar na boird agus aird a tharraingt ar an ngá atá le grinneolas a bheith ann ar ról agus freagrachtaí iontaobhaithe carthanais, le hoideachas a chur orthu agus le iad a uas-sciliú, agus tuiscint ar an sainmhíniú ar an téarma 'Iontaobhaí Carthanais' a chur chun cinn chun Comhaltaí Boird, comhaltaí coiste, comhaltaí comhairle agus stiúrthóirí de chuid carthanais a chur ar áireamh;

- Béim a leagan ar an ngá atá le hiontaobhaithe carthanais nua agus aird a tharraingt ar na bealaí inar féidir iontaobhaithe nua a chur i dteagmháil le carthanais a dteastaíonn iontaobhaithe uathu.

Ba í an bhliain 2020 an chéad bhliain riamh inar cuireadh Seachtain na nIontaobhaithe Carthanais ar siúl ar líne ina

Bealaí Cumarsáide

Na Meáin/Fógraíocht

D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanais 13 phreasráiteas san iomlán sa bhliain 2020, rud as ar tháinig clúdach sna meáin náisiúnta agus réigiúnacha ar roinnt fógraí sonracha, lena áiríodh fadú na spriocdhátaí tuairiscithe bhliantúil le haghaidh carthanais, agus ar fhógraí faoi thosú trí imscrúdú ar charthanais ar leith i mí Aibreáin, i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair.

I mí an Mhárta 2020, sheolamar feachtas meán inar iarradh ar dhaoine den phobal "Do cheann agus do chroí a úsáid" ach an Clár Carthanais a sheiceáil nuair a thugann siad am nó airgead. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas sin béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú gur



hiomláine agus ba chúis mhór spreagtha iad na leibhéil rannpháirtíochta ó thaobh an lín daoine a d'fhreastail uirthi agus an aiseolais a fuarthas ó

iontaobhaithe carthanais de. Ar mhaithe leis an mbraistint caidrimh shóisialta a bhí ag iontaobhaithe carthanais le linn Sheachtainí na nIontaobhaithe Carthanais roimhe seo a athchruthú, óstáladh maidineacha caife gach lá chun cur ar chumas na n-iontaobhaithe labhairt faoi na himeachtaí éagsúla agus faoi na saincheisteanna éagsúla a raibh an earnáil ag déileáil leo ag an am sin. D'eagraigh an Rialálaí Carthanais é féin dhá sheimineár Gréasáin d'iontaobhaithe carthanais ar an gCód Rialachais do Charthanais: An Bealach i dTreo Comhlíonadh. Bhí méadú 376% ann ar an líon daoine a d'fhreastail ar sheimineáir Ghréasáin an Rialálaí Carthanais i gcomparáid leis an líon daoine a d'fhreastail ar na himeachtaí aghaidh ar aghaidh a cuireadh ar siúl sa bhliain 2019. De réir na bhfigiúirí freastail a tuairiscíodh don Choiste Stiúrtha, d'fhreastail 596 dhuine san iomlán ar na himeachtaí a eagraíodh le haghaidh Sheachtain na nIontaobhaithe Carthanais 2020.

“Méadú 376% ar an líon daoine a d'fhreastail ar imeachtaí”

chuig carthanais cláraithe a théann aon síntiús a thugtar do charthanais.

I mí na Samhna 2020, sheolamar, le tacaíocht ón nGarda Síochána, feachtas meán náisiúnta don dara bliain as a chéile maidir le 'bailiúcháin ó theach go teach'. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas rabhadh a thabhairt do dhaoine den phobal bheith airdeallach agus iad ag tabhairt earraí trí ghreamáin agus málaí a chuirtear tríd an mbosca litreach sa bhaile agus an Clár Carthanais a sheiceáil i gcónaí sula dtugann siad am nó airgead d'eagraíocht.

An suíomh Gréasáin agus na meáin shóisialta

Bhí méadú 20% ann ar an líon cuairteoirí ar ár suíomh Gréasáin sa bhliain 2020, agus 148,730 duine ag logáil isteach ar www.charitiesregulator.ie lena linn. Leanaimid le súil a choinneáil ar na leathanaigh agus na doiciméid sin a mbíonn an spéis is mó ag ár leas-sealbhóirí iontu agus baintear úsáid as na sonraí sin chun ár n-obair chumarsáide a threorú.

Imríonn ár n-ardáin mheán sóisialta ról méadaitheach inár gcuid cumarsáide. Tháinig méadú 18% ar an líon leantóirí atá againn ar LinkedIn sa bhliain 2020, ó 1,727 nduine ag deireadh na bliana 2019 go 2,098 nduine ag deireadh na bliana 2020. D'éirigh linn 477 leantóir eile a mhealladh chuig ár gcuntas ar Twitter, rud a bhí cothrom le méadú 15%. D'fhág sé sin go raibh 3,096 leantóir san iomlán againn ag deireadh na bliana 2020. Is féidir amharc ar ár mBeartas maidir leis na Meáin Shóisialta ar ár suíomh Gréasáin. Úsáidimid na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar theachtaireachtaí agus forbairtí tábhachtacha a bhaineann leis an Rialálaí Carthanas.

Ríomhíris an Rialálaí Carthanas

Scaipimid ríomhíris (nuachtlitir dhigiteach) ar bhonn ráithiúil chun carthanasais chláraithe agus daoine den phobal a bhfuil spéis acu inár gcuid oibre a choinneáil cothrom le dáta faoina bhfuil ag tarlú i réimse na rialála carthanas agus faoi imeachtaí agus faoin treoir atá ar fáil. Rinneamar ceithre eagrán den ríomhíris a fhoilsiú agus a sheoladh amach chuig breis agus 20,000 faighteoir, idir shíntiúsóirí agus charthanasais, sa bhliain 2020¹⁸.



¹⁸ Is féidir leat clárú do ríomhíris ráithiúil an Rialálaí Carthanas a fháil trí dhul chuig an gcúinne ag bun ar dheis den leathanach baile ag an nasc seo a leanas: <https://www.charitiesregulator.ie/en>

Rochtain ar Fhaisnéis

Iarrataí Saorála Faisnéise

Mar chomhlacht poiblí, tá an Rialálaí Carthanas tiomanta dá bheith ina eagraíocht thrédhearcach inrochtana. Is leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a thugtar ceann amháin de na modhanna trína bhféadfaidh duine den phobal rochtain a iarraidh ar fhaisnéis i gcás nach raibh sé/sí in ann teacht ar an bhfaisnéis sin ar aon bhealach eile.

Dhéileálar le 21 iarraidh saorála faisnéise neamhphearsanta, le haon iarraidh saorála faisnéise

pearsanta agus le dhá iarraidh saorála faisnéise measctha (inar iarradh meascán d'fhaisnéis phearsanta agus d'fhaisnéis neamhphearsanta araon) san iomlán faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana 2020. Ní raibh aon iarraidh faoin Acht fós ar oscailt ag deireadh na bliana. Fuaireamar athbhreithniú inmheánach amháin agus seasadh leis an mbreith thosaigh.

An líon iomlán iarrataí a fuarthas sa bhliain 2019	Iomlán	Géilleadh don iarraidh	Géilleadh go páirteach don iarraidh	Diúltaíodh géilleadh don iarraidh	Tarraingíodh an iarraidh siar nó déileáladh léi lasmuigh den réim saorála faisnéise	Athbhreithniú Inmheánach
Pearsanta	1				1	
Neamhphearsanta	21	1	12	6	2	1
Measctha	2		2			
Iomlán	24	1	14	6	3	
Ar oscailt ag deireadh na bliana	0					

Tábla 9: Miondealú ar na hiarrataí Saorála Faisnéise a fuarthas

Iarrataí Eile ar Fhaisnéis

Iarrataí Cosanta Sonraí

Fuair an Rialálaí Carthanas trí iarraidh ar fhaisnéis faoin Acht um Chosaint Sonraí sa bhliain 2020. Eisíodh an fhaisnéis go páirteach i gcás gach ceann díobh. Maidir leis an gcineál faisnéise nár eisíodh, níor measadh, tríd is tríd, gur sonraí pearsanta an iarrthóra í an fhaisnéis a iarradh, mar shampla, uimhreacha fón póca, seoltaí ríomhphoist agus sínithe de chuid tríú páirtithe.

san áit oibre a tharraingt anuas ionas gur féidir na hábhair imní sin a imscrúdú go cuí, ag féachaint do rialacha an cheartais aiceanta, agus ionas gur féidir gníomhaíocht chúil a dhéanamh nuair is gá.

Níor tharraing baill foirne an Rialálaí Carthanas aon nochtáí cosanta inmheánacha anuas sa bhliain 2020.

De bhun I.R. Uimh. 367/2020, is 'Duine Forordaithe' faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, atá i bPríomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas i gcás gach ní a bhaineann le rialáil carthanas de bhun an Achta Carthanas 2009. Fuair an Rialálaí trí Nochtadh Chosanta den sórt sin sa bhliain 2020, ar measadh gur tháinig dhá cheann díobh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Nochtadh Cosanta

Is é is aidhm do bheartas an Rialálaí Carthanas maidir le Nochtadh Cosanta ná oibríthe a éascú agus a spreagadh aon ábhair imní atá acu faoi éagóiritheoireacht fhéideartha

An Cineál Iarrataí a fuarthas	An Líon Iarrataí a fuarthas sa bhliain 2020
Iarrataí Cosanta Sonraí	3
Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol i dtaca le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007 (I.R. Uimh. 133 de 2007)	0
Nochtadh Cosanta Inmheánach	0
Nochtadh Cosanta mar 'Dhuine Forordaithe'	3 (ar measadh gur tháinig dhá cheann díobh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014)
Ceist Pharlaiminte	10
Ionadaí Poiblí	11

Tábla 10: Cineálacha eile iarrataí ar fhaisnéis a fuarthas sa bhliain 2020

Rialachas agus Bainistíocht an Rialálaí Carthanas

Struchtúr eagrúcháin

Tá an Rialálaí Carthanas lántiomanta do chur chun cinn a dhéanamh ar thimpeallacht oibre dhearfach ina gcuirtear riachtanais daoine aonair san áireamh, le linn dó riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh. Ón 12 Márta 2020 i leith, d'aistrigh an Rialálaí Carthanas chuig samhail cianoibre, i gcomhréir le treoirlínte sláinte poiblí a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindeim Covid-19. D'oibrigh na baill foirne uile go cianda ar feadh na coda eile den bhliain, cé is moite de líon beag ball foirne a d'fhreastail ar an oifig ar líon teoranta laethanta chun tabhairt faoi oibreacha bunriachtanacha a bhaineann le riachtanais leanúnacha shonracha ghnó an Rialálaí.

Bhain Bord an Údaráis, Coistí, an Lucht Bainistíochta agus an fhoireann úsáid as áiseanna físchomhdhála ar líne agus lean siad ar aghaidh ag bualadh le chéile ar bhealach tráthrialta struchtúrtha chun a chinntiú go gcomhlíonann an Rialálaí Carthanas a fheidhmeanna reachtúla, á chinntiú ag an am céanna go leagtar díriú leantach ar shláinte agus sábháilteacht na foirne agus ar fholláine na foirne trí thimpeallacht dhearfach thacúil oibre.

Faoi mar atá leagtha amach sa dara Ráiteas Straitéise uainn, soláthraítear le Tosaíocht Straitéiseach 4 d'éifeachtúlacht oibríochtúil agus soláthar seirbhíse a fheabhsú. Cinntimid go mbainfeadh an méid sin amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Obair i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun struchtúr rialachais inmheánaigh a fheabhsú agus chun an Rialálaí Carthanas a chumasú neamhspleáchas corparáideach a bhaint amach thar shaolré an dara Ráiteas Straitéise uainn;
- A chinntiú go mbeidh ag an Rialálaí Carthanas baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí agus scileanna cuí acu;
- Acmhainní a úsáid ar aon dul le tosaíochtaí rialála;
- Straitéis cumarsáide a fhorbairt lena gcothófar feachtas níos fearr ar an Rialálaí Carthanas agus lena gcuirtear teachtaireachtaí comhsheasmhacha spriocdhírthe in iúl faoin eagraíocht agus faoina gníomhaíochtaí.

Le linn na bliana 2020, rinneadh tuilleadh forbartha eagrúcháin ar an Rialálaí Carthanas mar chuid den iarracht atá á déanamh againn údarás rialála atá éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt. Bunaíodh grúpa atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Rialálaí Carthanas agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun

“D'aistrigh foireann an Rialálaí Carthanas chuig samhail cianoibre.”

dul chun cinn a dhéanamh ar an gcuspóir straitéiseach atá ag an Rialálaí Carthanas maidir le tuilleadh neamhspleáchais chorparáidigh a bhaint amach. Chomh maith leis sin, leanamar le díriú ar ár bhfoireann ardbhainistíochta a neartú agus ar thacaíocht a thabhairt di agus ar a chinntiú go bhfuil ag foireann na heagraíochta na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun na cuspóirí straitéiseacha foriomlána atá againn a bhaint amach.

Líonadh folúntas tábhachtach mar Cheann Gnóthaí Corparáideacha sa bhliain 2020. Chun cabhrú leis an Rialálaí Carthanas a chinntiú go bhfuil aige dóthain ball foirne atá cáilithe agus oilte agus a bhfuil taithí acu, fuaireamar seirbhísí ó Sholáthraí Seirbhísí Comhairleacha Acmhainní Daonna agus ó Sholáthraí Seirbhísí Comhairleacha Earcaíochta trí phróiseas soláthair. Chuir na hacmhainní sin ar ár gcumas daoine a earcú go díreach trí chomórtais oscailte. Faoi dheireadh na bliana 2020, bhí roinnt feachtas earcaíochta ar siúl, lena áiríodh iad sin le haghaidh na bpost sinsearach seo:

- Stiúrthóir Gnóthaí Dí agus Clárúcháin
- Ceann Clárúcháin
- Comhairleoir Dí agus Bainisteoir Seirbhísí Carthanas

Rialachas Corparáideach

Tá an Rialálaí Carthanas ina chomhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh faoin Acht Carthanas 2009 agus a rialaítear leis an Acht sin. Mar chomhlacht poiblí, oibrímid chun a chinntiú go gcomhlíonaimid na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Faoi mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais, thug Bord an Údaráis, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais, an Coiste Seirbhísí Carthanas, an Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach agus an Coiste Rialála faoi mheastóireachtaí féinmheasúnaithe bliantúla. Léirítear torthaí na meastóireachtaí sin i gclár oibre an Bhoird agus a chuid Coistí don bhliain 2021. Déanann an Bord faireachán leanúnach ar a struchtúr rialachais agus, le linn na bliana 2020, rinne an Bord a fheidhmeanna forchoimeáda agus tarmligthe a athbhreithniú agus a athrú chun dáta. Rinne an Bord na Téarmaí Tagartha dá Choistí uile a athbhreithniú agus a athrú chun dáta freisin sa bhliain 2020.


De bhun an Chóid Chleachtais, lean an Rialálaí Carthanas ar aghaidh ag comhlíonadh na n-obleagáidí atá air faoin gComhaontú Maoirseachta agus Dearbhaithe leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail don tréimhse 2019 – 2020. Leagtar amach go mion sa Chomhaontú na socruithe rialachais chorparáidigh atá i bhfeidhm agus ról agus freagrachtaí na bpáirtithe maidir leis na socruithe sin a éascú agus a chur i gcrích i roinnt réimsí, lena n-áirítear pleananna straitéiseacha, ráitis airgeadais agus iniúchóireacht inmheánach. Pléitear soláthar feidhmíochta sa Chomhaontú freisin, bunaithe ar na hionchuir riachtanacha acmhainní airgeadais agus daonna agus ar na spriocanna inghnóthaithe beartaithe.

An Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go dtugtar comhionannas deiseanna agus ceart do bhaill foirne agus do leas-sealbhóirí. Comhlíonann an Rialálaí Carthanas a chuid dualgas faoi Acht 2014 agus tugann sé faoi na dualgais sin ar bhealach a chinntíonn:

- nach ndéantar aon idirdhealú;
- gurb éasca le tuiscint agus scríofa i mBéarla soiléir atá cumarsáidí;
- gur féidir seirbhísí a rochtain, lena n-áirítear ionad teagmhála an Rialálaí Carthanas, a shuíomh Gréasáin agus a imeachtaí le haghaidh leas-sealbhóirí.

Sa bhliain 2020, d'aistrigh foireann an Rialálaí chuig cianobair de bharr phaindéim Covid-19. Áiríodh leis sin an t-ionad teagmhála a oibriú go cianda agus imeachtaí le haghaidh leas-sealbhóirí a chur ar siúl ar líne. Rinneadh comhionannas agus cearta daonna bhaill foirne an Rialálaí Carthanas agus comhionannas agus cearta daonna a leas-sealbhóirí a chur san áireamh agus a chosaint ag gach céim den aistriú mór chuig oibríochtaí cianda. Leanaimid lenár gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí a athbhreithniú chun a chinntiú go mbíimid ag comhlíonadh ár ndualgas.



Soláthar

Chuir ár nAonad um Ghnóthaí Corparáideacha roinnt comórtas soláthair i gcrích go rathúil sa bhliain 2020, lenar áiríodh na comórtais seo a leanas:

1. Seirbhís Chomhairleach Soláthair a sholáthar
2. Comhairleoirí a sholáthar chun cabhrú leis an Athbhreithniú ar Fheidhmeanna Forchoimeáda agus Tarmligthe
3. Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí a sholáthar
4. Seirbhís chomhairleach cuntasafóchta, iniúcháireachta agus airgeadais a sholáthar – Cigirí Reachtúla
5. Soláthar a dhéanamh ar dhearadh, bainistíocht comhordaithe agus soláthar na hoiliúna foirmiúla ar lontaobhaithe Carthanais sa Chód Rialachais do Charthanais
6. Ábhar Clóite agus Dearadh Simplí a sholáthar
7. Caidreamh Poiblí agus Cumarsáid a sholáthar
8. Seirbhísí Oifigigh Chosanta Sonraí a sholáthar
9. Bogearraí Bainistíochta Boird/Coistí a sholáthar
10. Seirbhís Caidrimh le Fostaithe a sholáthar
11. Seirbhísí Comhairleacha Earcaíochta a sholáthar
12. Seirbhís Chomhairleach Acmhainní Daonna a sholáthar

Bainistíocht Riosca

Is é Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais an Údaráis a dhéanann maoirseacht ar na feidhmeanna riosca agus rialaithe. Coinnímid Clár Rioscaí Corparáideacha ar bun agus tá ár gCreat Bainistíochta Riosca ag teacht leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Bainistíocht Riosca. Le linn na bliana 2020, bhreithnigh an Bord an fonn riosca atá air agus

d'fhorbair sé leagan athbhreithnithe den Ráiteas faoi Fhonn Riosca. Rinne an fhoireann ardbhainistíochta an Clár Rioscaí a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn tráthrialta, le linn dó pleananna a chur i bhfeidhm agus bearta cuí a dhéanamh chun rioscaí sainaitheanta a mhaolú go rathúil. D'athbhreithnigh an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta, Riosca agus Rialachais an Clár Rioscaí trí huair sa bhliain 2020 agus cheadaigh an Bord an Clár Rioscaí dhá uair sa bhliain. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na príomhrioscaí a sainaitníodh agus a measúnaíodh sa bhliain 2020:

Riosca	Maoluithe
1 Dúnadh oifigí an Rialálaí Carthanais nó ní raibh baill foirne in ann an oifig a rochtain de bharr géarchéim idirnáisiúnta a bhain le ráig víreas Covid-19, rud a d'fhág nach raibh dóthain ball foirne ar fáil chun seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar agus go raibh mainneachtain ann feidhmeanna reachtúla an Rialálaí Carthanais a chomhlíonadh agus freagairt go cuí do na saincheisteanna ar tháinig orthu san earnáil.	<p>Tugadh tús áite don fháil ar an gcóras Ardáin Dhigitigh.</p> <p>Sainaitníodh na príomhphróisis agus na baill foirne a bheadh ag teastáil chun iad a sholáthar agus na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun cianobair a éascú chun go mbeifí in ann na seirbhísí a choinneáil ar bun.</p> <p>Rinneadh suirbhé ar charthanais chun sainaitint a dhéanamh ar na saincheisteanna reatha agus éiritheacha a bhaineann leis an ngéarchéim agus athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna an phlean gnó agus an obair bheartaithe chun a chinntiú go spriocdhíreofaí na hacmhainní atá ar fáil ar na réimsí is mó gá.</p> <p>Sainaitníodh na hacmhainní a bhí ar fáil agus leithdháileadh iad i gcomhréir le tosaíochtaí na heagraíochta.</p> <p>Cuireadh cruinnithe seiceála isteach leis an bhfoireann ar siúl ar bhonn tráthrialta.</p>
2 Bhí easpa ball foirne a bhfuil na hinniúlachtaí cuí agus na tacair scileanna cuí acu i bpoist thábhachtacha. Bhí moilleanna ann ar dhaoine a earcú chuig na poist nua a sainaitníodh sa tSamhail Oibriúcháin Roghnaithe. Bhí moilleanna ann ar phoist a athsholáthar de bharr cailteanais foirne.	<p>Soláthraíodh sainsoláthraí seirbhísí acmhainní daonna chun athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh agus chun sainaitint a dhéanamh ar na príomhacmhainní atá le léiriú i bplean earcaíochta.</p> <p>Soláthraíodh sainghnólacht earcaíochta seachtrach chun próiseas earcaíochta ó cheann ceann a reáchtáil.</p> <p>Soláthraíodh acmhainní daonna breise trí bhaill foirne a earcú agus a shannadh go díreach ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.</p> <p>Leanadh le cur le scileanna agus acmhainn na foirne agus an lucht bainistíochta chun dúshlán straitéiseacha agus oibríochtúla a shárú.</p>
3 Ní raibh an soláthraí TF in ann forbairt córais nua a sholáthar ar bhealach tráthúil, rud a rinne difear diúltach don eispéireas foirne agus úsáideora agus a chuaigh i bhfeidhm ar chuspóirí beartaithe gnó.	<p>Cuireadh saincheisteanna feidhmíochta in iúl ar bhealach tráthúil don soláthraí ábhartha agus don fhoireann ardbhainistíochta chun go mbeifí in ann cruinnithe ardleibhéil a chur ar siúl nuair ba ghá.</p> <p>Cuireadh cruinnithe faoi fheidhmíocht agus riachtanais an ardáin TF ar siúl leis an lucht ardbhainistíochta ar bhonn tráthrialta trí Fhoghrúpa de chuid na Foirne Bainistíochta Feidhmíocháin chun faireachán a dhéanamh ar chlár forbartha TF, ar thástáil córais agus ar réiteach na saincheisteanna arna sainaitint. Cinntíodh go mbeadh baint ag baill foirne le fréamhshamhaltú, le pléití ar riachtanais agus le tástáil córais. Tugadh teicnící láidre bainistíochta tionscadail isteach le haghaidh bainistíocht riosca agus saincheiste chun réitigh a shainaitint agus a chur chun feidhme i gcomhar leis an soláthraí seirbhíse.</p>

Tábla 11: Rioscaí agus maoluithe a measúnaíodh sa bhliain 2020

An tÚdarás Rialála Carthanas

Tá freagracht chomhchoiteann ar na comhaltaí den Údarás Rialála Carthanas (an tÚdarás) as gníomhaíochtaí an Rialálaí Carthanas a stiúradh agus a threorú faoi chuimsiú an chreata atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Foráiltear leis an Acht Carthanas 2009 gurb é a bheidh ar an Údarás líon nach lú ná naonúr comhaltaí agus nach mó ná 20 comhalta. Cuimsíonn an Bord reatha seachtar comhaltaí ar fir iad (58%) agus cúigear comhaltaí ar mná iad (42%). Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord an sprioc atá ag an Rialtas go mbeadh an dá inscne freagrach as 40% ar a laghad den chomhaltas de Bhoird Stáit. Ós rud é go bhfuil triúr comhaltaí den Bhord, beirt fhear agus bean amháin, le dul ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2021, scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire maidir le ceapadh/athcheapadh comhaltaí den Bhord. Tharraing sé aird ar sprioc an Rialtais maidir le

hionadaíocht inscne agus leag sé amach an saineolas a theastaíonn ó chomhaltaí nua. Bhí dháréag comhaltaí ag an Údarás agus tháinig sé le chéile naoi n-uaire sa bhliain 2020. Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus ar an dianghlasáil a tháinig aisti, ba ar líne a tionóladh gach cruinniú de chuid an Údaráis agus a fhochoistí ó mhí Aibreáin 2020. A bhfuil le húsáid bogearraí agus tacaí nua le haghaidh cruinnithe Boird, bhí an t-aistriú i dtreo cruinnithe ar líne ina aistriú rianúil rathúil.



Is iad seo a leanas na comhaltaí den Údarás:



Patrick Hopkins – Cathaoirleach

Bhí Patrick ina Rúnaí Cuideachta agus ina bhainisteoir i Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha i bhFiontraíocht Éireann sular éirigh sé as i mí na Samhna 2013.



Niamh Cahill

Tá Niamh Cahill ina habhcóide ag a bhfuil taithí fhairsing i réimse an dlí. Tá spéis ar leith aici i rialachas corparáideach.



David Brady

Tá David Brady ina Chuntasóir Cairte, ina shainchomhairleoir agus ina chomhairleoir don earnáil carthanas.



Tom Costello

Shealbhaigh Tom poist cheannaireachta san earnáil daonchairdis, san earnáil neamhbhrabúis agus san earnáil phoiblí. Tá sé ina chomhairleoir don earnáil neamhbhrabúis agus don earnáil phoiblí faoi láthair.



Katie Cadden

Tá Katie ina dlíodóir ag a bhfuil taithí ar chomhairle a thabhairt ar ábhair amháin an dlí carthanas, an dlí poiblí agus an dlíthíocht. Tá saineolas aici ar rialachas corparáideach freisin agus chuir sí comhairle ar raon eagraíochtaí maidir le saincheisteanna éagsúla rialachais. Tugann Katie léachtaí go tráthrialta sa dlí carthanas ag Dlí-Chumann na hÉireann.



Patricia Cronin

Tá Patricia ina dlíodóir ag a bhfuil taithí ar obair san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, lena n-áirítear taithí breis agus 25 bliana ar obair i ról éagsúla laistigh de GFT Éireann.



Fergus Finlay

Bhí Fergus ina Phríomhfheidhmeannach ar Barnardo's, carthanas leanaí, ar feadh tréimhse 13 bliana. Chuir sé roinnt eagraíochtaí ar bun atá i mbun feachtais ar son chearta na ndaoine faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, bhí sé ar an gCathaoirleach ar Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann ar feadh ceithre bliana.



Graham Richards

Tá Graham ina Nótaire Poiblí agus ina atur nae ar scor. Bhí sé ar dhuine de Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachaí Carthanúla d'Éirinn ón mbliain 2004 suas le díscaoileadh na gCoimisinéirí agus aistriú a bhfeidhmeanna chuig an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2014.



Rosemary Keogh

Is cuntasóir cáilithe í Rosemary agus tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann faoi láthair. Tá sí ina Cathaoirleach ar an gCumann Náisiúnta um Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas faoi láthair freisin agus bhí sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ord Mhála roimhe seo.



Martin Sisk

Agus é ina dhlíodóir ó thaobh ceirde, chaith Martin an chuid is mó dá ghairm i réimse na rialála, rialáil airgeadais san áireamh. Tá sé ina Chathaoirleach ar Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus tá sé ina chomhalta de Bhord Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa freisin.



Máire McMahon

Tá Máire ina dlíodóir i dTiobraid Árann agus ina hiontaobhaí de chuid carthanas bhig. Tá sí ina hiar-iontaobhaí de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól agus is minic a dhéanann sí obair dheonach don Chumann.



Ercus Stewart SC

Chleacht Ercus ag an mBarra le breis agus 40 bliain. Tá sé ina eadránaí agus ina idirghabhálaí freisin.

Cruinnithe agus Comhaltais

Comhaltaí Boird	Iomlán	23 Ean. 2020	26 Feabh. 2020	30 Aib. 2020	21 Beal. 2020	25 Meith. 2020	20 Lún. 2020	24 MF 2020	22 DF 2020	26 Samh. 2020
		Cruinnithe i bPearsa		Cruinnithe Neamhchorpartha						
Patrick Hopkins	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
David Brady	8 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	×	✓
Katie Cadden	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Niamh Cahill	8 gcinn as 9 gcinn	✓	×	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Tom Costello	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Patricia Cronin	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Fergus Finlay	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Máire McMahon	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Graham Richards	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ercus Stewart	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Martin Sisk	8 gcinn as 9 gcinn	×	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Rosemary Keogh	8 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	×	✓	✓	✓

Tábla 11: Freastal ar chruinnithe Boird



Bhunaigh an tÚdarás ceithre choiste, is iad sin: An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

Tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais freagrach as a chur in iúl do Bhord an Údaráis cé acu atá nó nach bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh, córas cuí airgeadais agus córais chúí eile i bhfeidhm. Tá foireann bainistíochta feidhmiúcháin an Údaráis freagrach as an gcóras a cheapadh agus a chur chun feidhme. Tá an Coiste freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ‘an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú’ (2016).

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2020. Is iad seo na Comhaltaí den Choiste:

- Fergus Finlay (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Rosemary Keogh (Comhalta den Údarás)
- Máire McMahon (Comhalta den Údarás)
- Adrian Clements (Comhalta Seachtrach)
- Nuala Comerford (Comhalta Seachtrach)

Comhaltaí den Choiste	Iomlán	13 Feabh. 2020	15 Meith. 2020	14 MF 2020	14 Noll. 2020
Fergus Finlay	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Rosemary Keogh	3 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✗
Máire McMahon	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Adrian Clements	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Nuala Comerford	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓

Tábla 12: Freastal ar chruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais

An Coiste Rialála

Is é ról an Choiste Rialála maoirseacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an dóigh a gcomhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna clárúcháin, na feidhmeanna tuairiscithe agus na feidhmeanna eile rialála atá aige agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm aige ina leith sin.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huair sa bhliain 2020. Is iad seo na Comhaltaí den Choiste Rialála:

- Katie Cadden (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Tom Costello (Comhalta den Údarás)
- Patricia Cronin (Comhalta den Údarás)
- Martin Sisk (Comhalta den Údarás)

Comhaltaí den Choiste	Iomlán	3 Már.	1 Beal.	9 Meith.	8 MF	10 Samh.
Katie Cadden	5 cinn as 5 cinn	✓	✓	✓	✓	✓
Tom Costello	5 cinn as 5 cinn	✓	✓	✓	✓	✓
Martin Sisk	4 cinn as 5 cinn	✗	✓	✓	✓	✓
Patricia Cronin	5 cinn as 5 cinn	✓	✓	✓	✓	✓

Tábla 13: Freastal ar chruinnithe an Choiste Rialála

An Coiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Comhairleach

Is é cuspóir an Choiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Chomhairligh athbheithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus an lucht ardbhainistíochta, meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na n-acmhainní atá i bhfeidhm, agus comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an lucht ardbhainistíochta maidir le hábhair ghaolmhara. Tá ceathrar comhaltaí ann ar an gCoiste, a bhfuil gach duine díobh ina gcomhaltaí den Údarás.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain 2020. Is iad seo na Comhaltaí den Choiste:

- Patrick Hopkins (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Tom Costello (Comhalta den Údarás)
- Patricia Cronin (Comhalta den Údarás)
- Fergus Finlay (Comhalta den Údarás)

Comhaltaí den Choiste	Iomlán	20 Feabh. 2020	11 Beal. 2020	24 MF 2020	10 Noll. 2020
Patrick Hopkins	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Tom Costello	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Patricia Cronin	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓
Fergus Finlay	4 cinn as 4 cinn	✓	✓	✓	✓

Tábla 14: Freastal ar chruinnithe an Choiste Feidhmíochta, Pleanála Acmhainní agus Chomhairligh

An Coiste Seirbhísí Carthanais

Bunaíodh an Coiste chun cabhrú leis an Údarás na feidhmeanna a dílsíodh do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachaí Carthanúla roimhe sin a chomhlíonadh. Áirítear leo sin diúscairt maoin carthanais a údarú, iontaobhaithe carthanais nua a cheapadh agus maoin carthanais a dhílsiú d'iontaobhaithe carthanais, scéimeanna corpraithe agus scéimeanna Cy-Près a cheapadh, agus deontais agus scoláireachtaí a cheadú.

Ar an drochuair, fuair Sandra Chambers, iar-Chomhalta den Údarás, bás i mí Aibreáin 2020. Rinne sí rannchuidiú ollmhór tábhachtach le hobair an Údaráis agus a chuid coistí le linn a bhlianta múnlaithreacha. Cé go raibh Sandra liostaithe mar chomhalta den Choiste Seirbhísí Carthanais don chéad trí mhí den bhliain 2020, tugadh faoi deara go raibh sí as láthair ó

na cruinnithe sin de dheasca breoiteachta. Ceapadh John Gill, comhalta seachtrach, chuig an gCoiste an 26 Feabhra 2020.

Tháinig an Coiste le chéile naoi n-uair sa bhliain 2020. Is iad seo na Comhaltaí den Choiste:

- Graham Richards (Cathaoirleach agus Comhalta den Údarás)
- Niamh Cahill (Comhalta den Údarás)
- Ercus Stewart (Comhalta den Údarás)
- An Breitheamh John O'Connor (Comhalta Seachtrach)
- John Gill (Comhalta Seachtrach)

Comhaltaí den Choiste	Iomlán	9 Ean. 2020	13 Feabh. 2020	12 Már. 2020	5 Beal. 2020	15 Meith. 2020	30 Iúil 2020	10 MF 2020	8 DF 2020	12 Samh. 2020
Graham Richards	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Niamh Cahill	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Ercus Stewart	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
An Breitheamh John O'Connor	9 gcinn as 9 gcinn	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
John Gill	7 gcinn as 7 gcinn			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sandra Chambers	0 ceann as 3 cinn	×	×	×						

Tábla 15: Freastal ar chruinnithe an Choiste Seirbhísí Carthanais

An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Helen Martin – Príomhfheidhmeannach

Ceapadh Helen mar Phríomhfheidhmeannach ar an Rialálaí Carthanas i mí Aibreáin 2019 tar éis di dul isteach sa Rialálaí mar Stiúrthóir Rialála sa bhliain 2017. Mar dhlíodóir, d'oibrigh Helen roimhe seo in Oifig an Ard-Aighne mar Abhcóide Parlaiminteach Cúnta don Rialtas. Sula ndeachaigh sí isteach in Oifig an Ard-Aighne, d'oibrigh Helen san earnáil phríobháideach sa réimse gnóthaí rialála ar feadh níos mó ná 10 mbliana. Le linn na tréimhse sin, bhí sí ina comhlach sinsearach san aonad um Dhlí an Aontais Eorpaigh, an Dlí Iomaíochta agus an Dlí Rialála i ndlíghnólacht mór agus bhí sí ina comhairleoir inmheánach dlí agus rialála le haghaidh roinnt cuideachtaí teileachumarsáide. Tá ag Helen BA sa dlí, Céim Bhaitsiléara sa Dlí Sibhialta, Diplóma Iarchéime sa Staidéar Gnó, Diplóma Iarchéime i nDlí Iomaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, Diplóma i Scileanna Breithiúnacha agus sa Chinnteoireacht Bhreithiúnach agus Teastas sa Rialachas Corparáideach.



Thomas Mulholland – Ceann um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú

Chuaigh Thomas isteach sa Rialálaí Carthanas i mí na Samhna 2019 agus déanann sé maoirseacht ar fheidhm comhlíonta agus forfheidhmiúcháin an Rialálaí Carthanas. Déileáilann an fheidhm comhlíonta agus forfheidhmiúcháin le hábhair imní ón bpobal agus ó oibríthe san earnáil maidir le carthanas, déanann sí fiosrúcháin agus imscrúduithe ar ghnóthaí carthanas agus déanann sí maoirseacht ar chur chun feidhme an Chóid Rialachais do Charthanas. Agus é ina chuntasóir cáilithe de chuid Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte, ghnóthaigh Thomas taithí shuntasach i réimse na n-imscrúduithe agus na dócmhainneachta sa ról a bhí aige roimhe seo in Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.



Eamon O'Halloran – Ceann Clárúcháin agus Tionscadal

Ceapadh Eamon mar Cheann Clárúcháin agus Tionscadal i mí Feabhra 2019 tar éis dó ról comhchosúil a chomhlíonadh ar feadh tréimhse 3 bliana. Bhí sé i gceannas ar an gClár Poiblí Carthanas a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear tuairisciú bliantúil. Bhí freagracht fhoriomlán air as forbairt agus soláthar tionscadal a chomhordú ionas go bhféadfaí cuspóirí gnó a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil. D'fhág Eamon an Rialálaí Carthanas i mí Feabhra 2021.



Heidee Kealy – Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí

Chuaigh Heidee isteach sa Rialálaí Carthanas mar Cheann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí sa bhliain 2019. Is speisialtóir cumarsáide í ar a bhfuil freagracht as an gcumarsáid agus as an gcaidreamh ar fad, lena n-áirítear Gnóthaí Poiblí, ócáidí leas-sealbhóirí, foilseacháin, an phreasoifig, cumarsáid inmheánach agus suíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas. Chaith Heidee 17 mbliana mar iriseoir eagarthóireachta sinsearach sna meáin náisiúnta. Sealbhaíonn sí céim MA san Ealaín sa Domhan Comhaimseartha, céim BA (Onóracha) sa Chultúr Amhairc, Ard-Diplómaí san Iriseoireacht agus sa Dearadh Grafach araon, agus Diplóma sa Mhargaíocht Dhigiteach agus sna Meáin Shóisialta.



Niall Scanlon – Ceann Airgeadais

Ceapadh Niall chuig an Rialálaí Carthanas i mí Iúil 2019. Tá sé freagrach as feidhm airgeadais na heagraíochta a stiúradh, agus maoirseacht á déanamh aige ar gach gné de rialú airgeadais, lena n-áirítear ceanglais reachtúla agus rialála, tuairisciú airgeadais agus forbairt buiséid. Sular tháinig sé isteach sa Rialálaí Carthanas, shealbhaigh Niall roinnt post sinsearach airgeadais laistigh den earnáil phríobháideach. Tá Baitsiléir Gnó (Onóracha) aige agus tá sé ina chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte.



Malachy Cardiff – Ceann Gnóthaí Corparáideacha

Chuaigh Malachy isteach sa Rialálaí i mí Aibreáin 2020 mar Cheann Gnóthaí Corparáideacha agus mar Rúnaí do Bhord an Údaráis. Tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí agus as a chinntiú go gcomhlíonann an Rialálaí Carthanas caighdeáin rialachais. Roimhe seo, d'oibrigh Malachy san earnáil carthanas agus san earnáil phríobháideach, agus roinnt ról bainistíochta á sealbhú aige i ngnóthaí corparáideacha agus san airgeadas. Sealbhaíonn Malachy céim san Eacnamaíocht, Diplóma Iarchéime sa Staidéar Gnó, Teastas i nDlí agus Cleachtas na Rúnaíochta Cuideachta agus Diplóma Gairmiúil sa Rialachas Corparáideach. Is cuntasóir cáilithe de chuid Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta é freisin.



Ciara Cahill – Dlíodóir Rialála agus Bainisteoir Seirbhísí Carthanas

Chuaigh Ciara Cahill isteach sa Rialálaí i mí Lúnasa 2015 mar Chomhairleoir Dlí. Tugann sí comhairle dlí d'fheidhmeanna Clárúcháin, Comhlíonta agus Forfheidhmiúcháin agus Gnóthaí Corparáideacha an Rialálaí Carthanas. Bainistíonn sí an fheidhm Seirbhísí Carthanas freisin. D'oibrigh Ciara mar chomhairleoir inmheánach dlí san earnáil phríobháideach ar feadh níos mó ná 7 mbliana roimhe seo. Tá sí ina dlíodóir agus ina comhalta den Chumann Cleachtóirí Iontaobhais agus Eastáit.

Ráitis Airgeadais

Innéacs leis na Ráitis Airgeadais

An tÚdarás Rialála Carthanas
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Riarachán
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Comhaltaí Boird

Patrick Hopkins (Cathaoirleach) Fergus Finlay
David Brady Máire McMahon
Katie Cadden Graham Richards
Niamh Cahill Ercus Stewart
Tom Costello Martin Sisk
Patricia Cronin Rosemary Keogh

OIFIG:

3 Duga Sheoirse, LSAI, Baile Átha Cliath 1, D01 X5X0

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Helen Martin

Ráitis Airgeadais

Is tógtha ó na cuntais Iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo.

Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais don Rialálaí Carthanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

	2020	2019
	€'000	€'000
Ioncam		
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	4,050	3,763
Ioncam Iomlán	4,050	3,763
Caiteachas	€'000	€'000
Costais Foirne	2,038	1,844
Riarachán	1,987	1,902
Iniúcháireacht	17	17
Dímheas	183	156
Caiteachas Iomlán	4,225	3,919
(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	(175)	(156)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	175	(3)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain	-	(159)
Cúlchistí tosaigh	(29)	130
Cúlchistí deiridh	(29)	(29)

Tá faisnéis níos mine ar fáil sna Ráitis Airgeadais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus sa deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais. Tá na nithe sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin (www.charitiesregulator.ie).

Ráitis Airgeadais – Cistí Carthanas

Is tógtha ó na cuntais Iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá an fhaisnéis achoimrithe airgeadais sa tuarascáil seo.

Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais do na Cistí Carthanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

	2020	2019
Fáltais	€'000	€'000
An Comhchiste Infheistíochta/Fáltais eile	1,036	1,245
Ús	1	1
Fáltais Iomlána	1,037	1,246
Íocaíochtaí	€'000	€'000
Aistrithe chuig an gComhchiste Infheistíochta agus íocaíochtaí eile	(1,057)	(1,758)
Caiteachas Iomlán	(1,057)	(1,758)
(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	(20)	(512)
Cúlchistí tosaigh	870	1,382
Cúlchistí deiridh	850	870

Tá faisnéis níos mine ar fáil sna Ráitis Airgeadais iomlána don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus sa deimhniú ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais. Tá na nithe sin ar fáil ar ár suíomh Gréasáin (www.charitiesregulator.ie).

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais i bhfeidhm ag an Údarás, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu agus a bhfuil duine amháin díobh ina C(h)athaoirleach, mar aon le beirt eile atá ina gcomhaltaí seachtracha. Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais le chéile ceithre huair sa bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tugadh sách acmhainní don fheidhm sin sa bhliain 2020, ar lena linn a sheol sí clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Chuir an tÚdarás beartas bainistíochta riosca le chéile, rud a ndéanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais athbhreithniú air. Leagtar amach ann an fonn riosca atá ar an Údarás agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus mionsonraítear ann na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne agus táthar ag súil leis go gcloífidh siad leis. Chuir an tÚdarás próiseas bainistíochta riosca ar bun freisin chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus

faoi laigí rialaithe ionas gur féidir leo freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Ar bhonn ráithiúil, déanann an lucht ardbhainistíochta an Clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta agus athbhreithníonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais é. Úsáidtear na hathbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhail foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó;
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Oiriúnaíodh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe laistigh den eagraíocht chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a eascraíonn as na srianta áit oibre a forchuireadh de bharr phaindéim Covid-19.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha ón Oifig um Sholáthar Rialtais. Chomhlíon sé na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2020.


Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an tÚdarás ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ba sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 a rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019. Bhí moill ann ar an athbhreithniú de bharr phaindéim Covid-19. Maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020, tá sé le déanamh sa dara ráithe den bhliain 2021 anois, a luaithe a éascóidh na srianta reatha é sin.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaitníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2020 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



**An Rialálaí
Carthanas**

**Charities
Regulator**

Uimhir Thagartha an Doiciméid: Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Rev 000

An Rialálaí Carthanas

3 Duga Sheoirse

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2020